# An Garda Síochána
# Plean Póilíneachta 2009




RÉ NUA

Garda Síochána na hÉireann



Tá áthas orm Plean Póilíneachta an Gharda Síochána 2009 a chur i láthair. Cuireann an plean seo clabhsúr nádúrtha ar an timthriall pleanála trí bliana a dtugtar cuntas air inár Straitéis Chorparáideach 2007-2009 agus áirítear air tosaíochtaí an Gharda Síochána mar a shocraigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí iad faoi Alt 20 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Thug réiteach agus foilsiú an Phlean Póilíneachta bhliantúil deis dúinn dul chun cinn na bliana seo caite a athbhreithniú agus dul i gcomhairle leis an bpobal agus le páirtithe eile chun a chinntiú go mbeidh tosaíochtaí agus cuspóirí na bliana seo chugainn dírithe ar na rudaí is mó buartha dóibh. Agus na hathruithe atá tagtha ar chúrsaí airgeadais, is eol dom go rímhaith go mbeidh gá le cinnireacht láidir agus bainistiú tíosach airgeadais chun ár bpríomhghníomhaíochtaí a chur i gcrích. Tá an chomhpháirtíocht agus an dul i gcomhairle riachtanach don phlean agus nuair a bhíonn siad leanúnach cuireann siad lenár gcumas seirbhís ghairmiúil phóilíneachta a sholáthar a fhreastalaíonn do riachtanais iad siúd atá á soláthar agus iad siúd atá ag fáil na seirbhíse.

Is eol dúinn go rí-mhaith gurb é an gaol leis an bpobal a bhfónaimid dóibh an ghné is tábhachtaí i soláthar seirbhíse póilíneachta. Is iad ábhair bhuartha an phobail ábhair bhuartha an Gharda Síochána. Is iad na riachtanais chéanna atá againn beirt agus féadfaimid oibriú i gcomhar chun réitigh a fháil ar na fadhbanna sin atá againn i bpáirt.

Ar fud an phlean seo tugaimid mionchuntas ar na príomhghníomhaíochtaí a bheidh faoi chaibidil againn chun díriú ar ár bpríomhghníomhaíocht arb í sin cosc agus brath coireanna. Cinnteoimid go n-úsáidfear gach acmhainn dá bhfuil againn go héifeachtach agus go críochnúil chun an cuspóir sin a bhaint amach i measc na gcomhaltaí ar fad, ó chomhaltaí ar stádar agus i mbun oibre sna haonaid áitiúla amach go comhaltaí in aonaid speisialaithe, sna seirbhísí náisiúnta tacaíochta agus i measca na foirne sibhialtach tacaíochta. Leanfaimid orainn ag díriú ar na daoine sin atá i mbun coireachta agus chomh maith leis sin ar na daoine atá i mbun iompair fhrithshóisialta agus ag cothú mí-ord poiblí ar féidir leis drochthionchar a bheith aige ar phobail áitiúla. Leanfar de fhorfheidhmiú na ndlíthe tráchta chun líon na mbásanna agus ngortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú. Mar is iondúil, díreofar i ngach réimse gníomhaíochta ar oibríochtaí faisnéis-threoraithe, ar phatróil ardinfheictheachta agus ar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as gach acmhainn dá bhfuil againn chun na torthaí is fearr a fháil.

Leanfaidh ár gclár um athrú agus nuachóiriú ar aghaidh. Is é atá taobh thiar den chlár seo ná fís fhoriomlán na seirbhíse a fhéachann le comhaltaí den scoth a oiliúint chun sársheirbhís phóilíneachta a sholáthar. Beidh gach tionscnamh agus tionscadal nua dírithe ar sheirbhís níos éifeachtaí fós a sholáthar agus ar a chinntiú go mbeidh na hacmhainní, an bonneagar agus na tacaíochtaí is fearr dá bhfuil ann againn agus muid ag soláthar seirbhíse póilíneachta don aonú haois is fiche. Maidir leis seo tá i gceist agam stáisiúin nua a oscailt in ionad seanstáisiún ag Baile an Mhóta, ag Bun Cranncha agus i bhFionnghlas le linn 2009.

Tá mórtas orm a bheith mar cheannaire ar eagraíocht láidir d'fhir agus de mhná, idir Ghardaí agus Shibhialtaigh, a dhéanann a seacht ndícheall gach lá pobal sábháilte a sholáthar don uile dhuine. Nuair a rinneadh Coimisinéir díom, dúirt mé gurb é an jab a bhí againn ná a chinntiú gur bhraith daoine sábháilte ar na sráideanna agus ina dtithe féin. Ní dhéanfaidh an Garda Síochána aon fhaillí sa chuspóir sin agus trí chloí leis an bplean seo beimid ag díriú i gcónaí ar sheirbhís phóilíneachta ar an gcaighdeán is airde a chur ar fáil don phobal an t-am ar fad.

M.F. Ó Murchú
Coimisinéir an Gharda Síochána

# Fís



‘Daoine den scoth ag seachadadh seirbhís phóilíneachtaden scoth’

# Bunchuspóir

An leibhéal so-aimsithe is airde a bhaint amach

i gCosaint Phearsanta, Tiomantas Poiblí

Gealltanas

Slándáil Stáit

# Luachanna

Meas a léiriú ar dhaoine agus glacadh le héagsúlacht de gach cineál

Cearta an duine a chosaint agus cloí le prionsabail na cothromaíochta agus an cheartais

Comhpháirtíocht a choinneáil ar siúl leis an bpobal

Freagracht an chomhalta aonair agus cuntasacht thrédhearcach phoiblí

Ionracas, gairmiúlachas agus cinnireacht eiticiúil

A bheith de shíor ag foghlaim agus ag glacadh go fonnmhar le hathruithe.

# TOSAÍOCHTAÍ AN GHARDA SÍOCHÁNA 2009

Arna chinneadh ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

## Cúlra

Is í seo a leanas feidhm an Gharda Síochána faoi alt 7 d'Acht an Gharda Síochána 2005:

- an tsíocháin agus an t-ord poiblí a chaomhnú
- beatha agus maoin a chosaint
- cearta gach duine a chosaint
- slándáil an Stáit a chosaint
- coireacht a chosc
- an dlí a chur ar choirpigh, lena n-áirítear coireacht a bhrath agus a imscrúdú
- trácht ar bhóithre a rialú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.

agus gach feidhm eile a bhronntar de réir dlí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hinimirce a chur i gcrích.

Agus a phlean póilíneachta á sholáthar tá ceangal ar Choimisinéir an Gharda Síochána féachaint do thosaíochtaí an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus do Ráiteas Straitéise an Gharda – Straitéis Chorparáideach an Gharda Síochána 2007 - 2009 mar atá ann faoi láthair. Ní mór don Choimisinéir féachaint chomh maith do bheartas an Rialtais a bhaineann le hábhar. Áirítear air sin forálacha an Chláir Rialtais agus na sainstraitéisí rialtais maidir le sábháilteacht ar bhóithre, drugaí, ceartas óige, íospartaigh de bharr coireachta agus an straitéis bheartaithe maidir le foréigean teaghlaigh agus gnéasach.

## Tosaíochtaí don bhliain 2009

Tá na nithe seo a leanas socraithe ag an Aire mar thosaíochtaí speisialta don Gharda Síochána don bhliain 2009 de réir Alt 20 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

### Slándáil Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Slándáil agus muintir an Stáit a chosaint in éadan sceimhlitheoireacht intíre agus idirnáisiúnta.

### Coireacht

Díriú ar choireacht thromchúiseach, go háirithe ar choireacht eagraithe, ar choireacht le gunnaí agus ar choireacht a bhaineann le drugaí.

### Trácht

Feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre trí bhearta cuí a ghlacadh chun laghdú a dhéanamh ar líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar na bóithre.

### Ord Poiblí

An tsíocháin agus an t-ord poiblí a chaomhnú i gcomhar le pobail áitiúla, go háirithe trí dhíriú ar mhí-ord de dheasca ragús ólacháin.

### Seirbhís do Chustaiméirí

Cairt don Gharda a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar fhreagairt an Gharda ar ghlaonna le haghaidh seirbhíse agus ina mbeidh gealltanais maidir le leibhéal na seirbhíse póilíneachta pobail ar féidir leis an bpobal a bheith ag súil léi ón nGarda.

### Inimirce mídhleathach agus Mangaireacht ar Dhaoine

An cheannasacht náisiúnta, teorainneacha an Stáit agus iomláine chórais inimirce an Stáit a chosaint agus gáinneáil ar dhaoine agus smugláil daoine a chosc agus a spriocaimsiú trí na dlíthe inimirce náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

SPRIOC 1

# SPRIOC STRAITÉISEACH A HAON - SLÁNDÁIL NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

*An tslándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta a choinneáil*

| Príomhbhearta | Seo mar a bhainfear amach é: | Táscairí Feidhmíochta | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| Monatóireacht a dhéanamh ar na timpeallachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun bagairtí slándála féideartha agus bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus a anailísiú | Forbairt leanúnach ar chumas cruinnithe faisnéise na heagraíochta agus spriocaimsiú ar bhagairtí sainaitheanta ar an tslándáil agus oibríochtaí réamhghníomhacha faisnéis-threoraithe. | Níor tharla aon ionsaí sceimhlitheora sa Stát<br><br>Oibríochtaí dírithe ar ghrúpaí sceimhlitheoirí<br><br>Faisnéis agus eolas roinnte le comhpháirtithe idirnáisiúnta mar is cuí | | **Stát Sábháilte agus Slán** |
| Beart dearfach a dhéanamh chun bagairtí a chosc nó a chuimsiú | Idirghníomhaíocht leanúnach agus malartuithe faisnéide le Gníomhaireachtaí Póilíneachta agus Slándála Idirnáisiúnta. | Feabhas curtha ar fhoinsí agus ar chaighdeán na faisnéise i ngach Roinn Garda | Coimisinéir Cúnta, Coireacht agus Slándáil | **Cuidiú leis an tSlándáil Idirnáisiúnta** |
| Ár gcumas chun freagairt | | Comhar méadaithe le gnímhaireachtaí idirnáisiúnta slándála i réimse na hoiliúna | | |

SPRIOC 2

# SPRIOC STRAITÉISEACH A DÓ - COIREACHT

*Laghdú suntasach a dhéanamh ar mhinicíocht coireanna agus na hiompraíochta coiriúla*

| Príomhbhearta | Seo mar a bhainfear amach é: | Táscairí Feidhmíochta | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| Díriú níos mó ar ghréasáin de choirpigh eagraithe agus de choirpigh thromhchúiseacha lena n-áirítear gréasáin de gháinneálaithe ar dhaoine | Dul i ngleic le coireacht eagraithe, gáinneáil ar dhrugaí, coireacht i measc buíonta, agus maruithe gaolmhara trí úsáid níos fearr a bhaint as faisnéis, reachtaíocht agus trí oibríochtaí spriocaimsithe a chomhordú. Cuirfimid straitéis náisiúnta i dtoll a chéile chun dul i ngleic le coirpigh eagraithe, coirpigh armtha agus le coirpigh taistil. | Méadú ar rátaí braiteacháin d'arm tine neamhdhleathach<br><br>Méadú ar theagmhais ina mbraitear drugaí le haghaidh díola nó soláthair<br><br>Sonraí níos fearr maidir le minicíocht na gáinneála ar dhaoine ag súil le méadú ar rátaí braiteacháin | Coimisinéir Cúnta, Straitéis & Oiliúint agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach<br><br>Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta | **An Bonn Bainte de Choireacht Thromchúiseach agus de Choireacht Eagraithe sa Stát** |
| Díriú ar choireacht maoine lena n-áirítear maoin intleachta agus góchumadh | Straitéis ilghníomhaireachta a cheapadh do chiontóirí ilghníomhacha agus Straitéis Choiscthe Coireachta a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm. | Laghdú ar choireacht mhaoine<br><br>Méadú ar rátaí braiteacháin i gcás coireacht mhaoine | Coimisinéir Cúnta, Straitéis & Oiliúint agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Laghduithe i gCoireacht Maoine agus Méadú ar Rátaí Braiteacháin** |
| Cur le cumas an Gharda Síochána coireacht a bhrath le huirlisí fóiréinseacha agus le huirlisí teicneolaíochta eile | Forbairt leanúnach a dhéanamh ar ár gcumas anailís fhóiréinseach agus anailís theicneolaíoch a dhéanamh i réimsí mar fóin phóca, teilifís chiorcaid iata, gairis ríomhaire agus ilmheáin agus uasghrádú leanúnach a dhéanamh ar an Uathchóras Aithint Méarlorg (AFIS). | Méadú ar rátaí braiteacháin i gcás ionsaithe | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach agus Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta | **Méadú ar Cumas an Gharda Síochána Ciontóirí a Bhrath** |
| Cur le cumas na heagraíocht an baol a ghabhann le ciontóirí gnéis a bhainistiú | I gcomhar leis an tSeirbhís Phromhaidh feabhas a chur ar an monatóireacht a dhéantar ar chiontóirí gnéis trí chlár struchtúrach a chur chun feidhme chun an baol ina gcuireann siad an tsochaí a bhainistiú. | Measúnú riosca déanta ar gach duine atá faoi réir fhorálacha an Achta um Chiontóirí Gnéasacha 2001 | Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta | **Muinín níos Mó i gCumas an Gharda Síochána Coireanna Bainteach le Foréigean Teaghlaigh agus Coireanna Gnéasacha a Imscrúdú** |
| Eadráin éifeachtach a chinntiú i dteagmhais d'fhoréigean teaghlaigh agus i gcoireanna gnéasacha | Trí muinín an phobail i gcumas an Gharda Síochána eadráin éifeachtach a dhéanamh i dteagmhais d'fhoréigean teaghlaigh agus i gcoireanna gnéasacha a fheabhsú | Méadú ar thuairisciú cionta gnéasacha don Gharda Síochána<br><br>Méadú ar líon na n-ionchúiseamh i gcás teagmhais d'fhoréigean teaghlaigh | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach<br><br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Laghdú Déanta ar an mBaol ina gCuirtear am tSochaí ag Ciontóirí Gnéasacha atá faoi réir Fhorálacha Reachtaíochta** |

SPRIOC 3

## SPRIOC STRAITÉISEACH A TRÍ - TRÁCHT

*Minicíocht gortuithe marfacha agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú go suntasach agus feabhas a chur ar shábháilteacht na mbóithre*

| Príomhbhearta | Seo mar a bhainfear amach é: | Táscairí Feidhmíochta | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| Forfheidhmiú spriocaimsithe de reachtaíocht tráchta agus iompair bhóthair | Thaispeáin taithí le deireanas go bhfuiltear ag géilleadh níos mó do reachtaíocht Thrácht ar Bhóithre i ngeall ar na Gardaí a bheith níos sofheicthe. Féachfaimid leis na bearta seo a chur i gcrích trí fhorfheidhmiú agus infheictheacht níos: | Minicíocht na tiomána faoi thionchar alcóil a dhéanamh amach, ag baint úsáide as na sonraí atá ar fáil<br><br>Spriocanna atá oiriúnacht don Gharda Síochána, agus atá leagtha amach sa Straitéis um Shábháilteacht ar na Bóithre 2007-2012, bainte amach | Coimisinéir Cúnta Trácht agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| Feasacht maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn | • Úsáid níos mó de sheicphointí MAT (Tástáil Éigeantach Alcóil)<br>• Lánúsáid a bhaint as trealamh braite luais<br>• Roll amach na gcóras ANPR (Uathaitheantas Uimhreacha Clárúcháin)<br>• Leanúint de bheith ag méadú feasacht an phobail<br>• Dul chun cinn a dhéanamh maidir le ceamaraí sábháilteachta a fhoinsiú amach. | Laghdú ar líon na n-imbhuailtí marfacha agus tromchúiseacha ar na bóithre | Coimisinéir Cúnta Trácht agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Laghdú i Minicíocht na nGortuithe Marfacha agus na nGortuithe Tromchúiseacha ar na Bóithre agus Bóithre níos Sábháilte de bharr Géilliúlacht níos Forleithne i measc Úsáideoirí na mBóithre**<br><br>**Feabhas Mór ar Shreabhadh na Tráchta** |
| Cumas na heagraíochta póilíniú a dhéanamh ar bhóithre a mhéadú tuilleadh | Straitéis um Phóilíniú na mBóithre Náisúnta don Gharda Síochána a cheapadh agus a chur chun feidhme. | Stráitéis um Phóilíniú na mBóithre Náisiúnta ceaptha agus curtha chun feidhme | Coimisinéir Cúnta Trácht agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |

## SPRIOC STRAITÉISEACH A CEATHAIR - ORD POIBLÍ

*Minicíocht an mhí-oird phoiblí agus an iompair fhrithshóisialta a laghdú inár bpobail*

| Príomhbhearta | Seo mar a bhainfear amach é: | Táscairí Feidhmíochta | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| An tord poiblí agus iompar frithshóisialta a bhainistiú, go háirithe na fadhbanna sin a bhaineann le geilleagar na hoíche | Dul i mbun oibre go héifeachtach le grúpaí pobail, gnó agus reachtacha agus anailís a dhéanamh ar shonraí atá ar fáil chun láithreacha achrainn le hord poiblí agus iompar frithshóisialta a shainaithint agus a spriocaimsiú. | Laghdú ar theagmhais de mhí-ord poiblí | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| Cumas na heagraíochta dul i ngleic go héifeachtach le teagmhais de mhí-ord poiblí a choinneáil agus a fheabhsú | Comhpháirtíochtaí a fhorbairt leis an ngnó ceadúnaithe agus le páirtithe leasmhara eile chun comhaontais straitéiseacha áitiúla a chruthú chun geilleagar na hoíche a bhainistiú ionas go laghdófar mí-ord poiblí a bhaineann le halcól agus drugaí. | Laghdú ar theagmhais de dhamáiste coiriúil | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Pobail agus Áiteanna Poiblí níos Sábháilte** |
| | Úsáid éifeachtach a bhaint as forálacha an dlí, go háirithe as an Acht um Dheoch Meisciúil 2008, chun dúshlán na hiompraíochta frithshóisialta, an neamhord poiblí agus ólachán faoi aois a thabhairt agus é a rialú, trí oibríochtaí spriocaimsithe. | Laghdú ar ionsaithe | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | | Feachtas náisiúnta chun feasacht a chothú maidir le hiompar sceana tugtha chun críche | An Stiúrthóra Chumarsáide | |

SPRIOC 5

## SPRIOC STRAITÉISEACH A CÚIG - ÉAGSÚLACHT EITNEACH AGUS CULTÚRTHA

*Cosaint chothrom agus seirbhís chuí a sholáthar, agus meas agus muinín frithpháirteach a chothú ag an am céanna*

| Príomhbhearta | Seo mar a bhainfear amach é: | Táscairí Feidhmíochta | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| Straitéis Éagsúlachta an Gharda a chur chun feidhme | Cur chun feidhme agus measúnú ar Straitéis Éagsúlachta an Gharda | Straitéis Éagsúlachta an Gharda curtha chun feidhme agus measta | Coimisinéir Cúnta, Straitéis & Oiliúint agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| Méadú a dhéanamh ar chumas agus ar éifeachtúlacht an Gharda Síochána chun eagraíocht a chruthú a bheidh ionadaíoch don phobal a bhfónann sé dó | Feachtais earcaíochta spriocaimsithe agus nuálacha. | Méadú ar chéatadáin na n-iontrálaithe nua sa Gharda Síochána ó phobail mhionlacha (comhaltaí lánaimseartha agus comhaltaí cúltaca) | Coimisinéir Cúnta Bainistíocht Daonacmhainní agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Seirbhís Gharda a Léiríonn agus a Fhónann dár bPobail Éagsúla** |
| Dul i mbun oibre le pobail atá éagsúil ó thaobh eitneachais agus cultúir de | Modhanna a cheapadh go réamhghníomhach chun dul i mbun oibre le pobail atá éagsúil ó thaobh eitneachais agus cultúir de chun teacht ar sheirbhísí agus ar eolas a chinntiú.<br><br>Taifeadadh níos fearr ar theagmhais chiníocha. | Méadú ar thaifeadadh teagmhas ciníoch d'fhonn rataí braitreacháin á mheadú | Coimisinéir Cúnta, Straitéis & Oiliúint agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |

SPRIOC 6

# SPRIOC STRAITÉISEACH A SÉ - CAIDREAMH POBAIL

*Seirbhís Gharda a fhorbairt a léireoidh riachtanais agus tosaíochtaí mhuintir na hÉireann*

| Príomhbhearta | Seo mar a bhainfear amach é: | Táscairí Feidhmíochta | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| Fócas náisiúnta ar phóilíniú pobail | Samhail Náisiúnta an Gharda um Póilíniú Pobail a chur chun feidhme ar bhonn píolótach agus a mheasúnú i dtríocha cinn de Ranna an Gharda. | Treoirscéim den tSamhail Náisiúnta um Póilíniú Pobail curtha chun feidhme agus measta | Coimisinéir Cúnta, Straitéis & Oiliúint agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| Straitéis Óige an Gharda a chur chun feidhme | Ag obair i gcomhar lenár bpáirtithe straitéiseacha faoi bhrat na Straitéise Náisiúnta Ceartais don Óige 2008-2010 | Spriocanna atá oiriúnacht don Gharda Síochána, agus atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Ceartais don óige bainte amach | | |
| Feabhas a chur ar ár seirbhís don phobal trí Chairt an Gharda a chur chun feidhme | Cairt don Gharda a thabhairt chun críche | Cairt an Gharda tugtha chun críche agus tús curtha le treoirscéim | Coimisinéir Cúnta, Straitéis & Oiliúint agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Seirbhís Gharda atá Bunaithe ar Chomhpháirtíocht agus Dírithe ar an bPobal** |
| Dul i mbun caidrimh le daoine aosta | Cineálacha éifeachtacha agus nuálacha cur chuige a cheapadh chun feabhas a chur ar ár gcaidreamh le daoine aosta inár bpobail. | Rátaí sástachta daoine scothaosta le seirbhís an Gharda déanta amach trí chomhshuirbhé leis na gníomhairachtaí comhpháirtíochta lena mbaineann | Coimisinéir Cúnta, Straitéis & Oiliúint agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an bpobal | Straitéis chumarsáide a cheapadh chun tacú le hobair an Gharda Síochána. | Straitéis ceaptha agus tugtha isteach de réir a chéile | Stiúrthóir Cumarsáide | |
| Dul i mbun oibre le gach ball den phobal | Dul i mbun oibre le Comhchoistí Póilíneachta, grúpaí leasmhara, gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha chun pobail shlána sábháilte a chinntiú. | Bainteacht an Gharda leis na Comhchoistí Póilíneachta measta<br><br>Beirt Oifigeach Idirchaidrimh Teaghlaigh ceaptha i ngach Ceantar Garda | Coimisinéir Cúnta Straitéis & Oiliúint | |
| Feabhas a chur ar sheirbhísí an Gharda Síochána d'íospartaigh | Ag dul i mbun oibre chun na gealltanais a dhéantar i gCairt na Íospartach a chomhlíonadh i gcomhar leis an Oifig um Íospartaigh de bharr Coireachta agus leis an gCoimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh de bharr Coireachta | Leibhéil sástachta de chuid íospartach de bharr coireachta le seirbhís an Gharda bunaithe trí mheán comhsuirbhé le gníomhaireachtaí páirtíochta ábhartha<br><br>Litreacha eisithe chuig íospartaigh de bharr coireachta i ngach cás cuí. | Coimisinéir Cúnta Straitéis & Oiliúint agus Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach<br><br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Cumarsáid níos fearr le agus seirbhís níos fearr d'íospartaigh de bharr coireachta** |

# RIACHTANAIS STRAITÉISEACHA

| Riachtanais Straitéiseacha | Tionscadal Bhainistiú ar Athrú | Tréimhse Ama | Úinéireacht |
|---|---|---|---|
| Acmhainneacht bainistiú oibríochtaí an Gharda Síochána a fhorbairt | • Tuilleadh forbartha ar Thairseach an Gharda Síochána<br>• Meastóireacht ar imscaradh na nAonad Tacaíochta Réigiúnacha<br>• Athbhreithniú ar Chleachtais Riaracháin | Scaoileadh 2.0 – Q2<br>Scaoileadh 3.0 – Q4<br>Tionscadail tugtha chun críche – Q4<br>Dul chun cinn i dtionscadail – Q1, Q2, Q3 & Q4 | **Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta An tArdoifigeach Riarthach** |
| Eagraíocht den scoth a dhéanamh den Gharda Síochána | • Costáil bunaithe ar ghníomhaíochtaí a cheapadh mar thacaíocht le spriocanna straitéiseacha<br>• Creat Eolais Bainistíochta a thabhairt chun críche | Tionscadal tugtha chun críche – Q1<br>Tionscadal tugtha chun críche – Q1 | **Coimisinéir Cúnta Réigiún an Oirdheiscirt** |
| Comhaltaí an Gharda a earcú, a oiliúint, a fhorbairt agus a inspreagadh | • Athbhreithniú ar Earcú agus ar Roghnú<br>• Gach fostaí de chuid an Gharda Síochána a inspreagadh | Tionscadal tugtha chun críche – Q1<br>Tionscadal tugtha chun críche – Q3 | **Coimisinéir Cúnta Bainistíocht Daonacmhainní** |
| Cultúr an Gharda Síochána a athnuachan agus a athbheochan | • Líon na ngearán in éadan an Gharda Síochána a laghdú<br>• Aitheanas d'onchuir ó chomhaltaí sinsearacha den Gharda Síochána<br>• Measúnú ar chultúr na heagraíochta agus idirghabhálacha cuí a thabhairt chun críche | Tionscadal tugtha chun críche – Q1<br>Tionscadal tugtha chun críche – Q4<br>Tionscadal tugtha chun críche – Q4 | **Coimisinéir Cúnta Straitéis agus Oiliúint** |
| A chinntiú gur eagraíocht dea-threoraithe agus dea-bhainistithe é an Garda Síochána | • Cur chuige reatha um Pleanáil Straitéiseach / Cumas | Tionscadal tugtha chun críche – Q1 | **Coimisinéir Cúnta Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath** |
| Samhail caidreamh custaiméir ar fheabhas a fhorbairt san Gharda Síochána | • Cur cun fiedhme ar samhail caidreamh custaiméir | Tionscadal tugtha chun críche – Q4 | **Coimisinéir Cúnta Réigiún an Iarthair** |

# HARTHRUITHE TEORAINNEACHA

I bPlean Póilíneachta 2008 bhí tograí cuimsitheacha maidir le hath-ailíniú teorainneacha Réigiúnacha agus Rannacha chun éifeachtachtaí a bhaint amach a éascóidh oibriú na gComhchoistí Póilíneachta.

Tá roinnt mhaith athruithe tugtha isteach cheana féin agus mar thoradh ar na hathruithe seo tá i gceist ag an gCoimisinéir trí Cheannáras Ceantair nua a bhunú de réir Alt 22 (1) (c) d'Acht an Gharda Síochána ag na suíomhanna seo a leanas:

| Réigiún | Ceantar | Ceannáras Nua Ceantair |
|---|---|---|
| An tOirthear | Cill Dara | Léim an Bhradáin |
| An tOirthear | An Mhí | An Inse |
| An Tuaisceart | Lú | Baile Átha Fhirdhia |

Leanfar in 2009 de na hathruithe teorainneacha Rannacha a chur chun feidhme sna Ranna atá sonraithe i bPlean Póilíneachta 2008 mar aon le haon athruithe iarmhartacha ar theorainneacha Ceantair. Is i 2010 a thabharfar isteach aon athruithe a éireoidh ón athbhreithniú ar Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath.

# TIONSCADAIL EAGRAÍOCHTÚLA

| | | Spriocthréimhse Ama | | | | Úinéir |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Q1 | Q2 | Q3 | Q4 | |
| | Tioscadail Faisnéise Cumarsáide Agus Teicneolaíochta | | | | | |
| 1 | Córas Uathoibrithe Aithint Méarloirg (AFIS)<br>*Céim 3 le dul beo (comhtháthú le PULSE)* | | ✓ | | | Coimisinéir Cúnta NSS agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin TFC |
| 2 | Athbhreithniú ar Struchtúr agus ar Líon Foirne ICT na hEagraíochta | ✓ | | | | Stiúrthóir Feidhmiúcháin TFC |
| 3 | Uathaithint Plátaí Clárúcháin (ANPR)<br>*Roll Amach Náisiúnta* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta Trácht agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin TFC |
| 4 | Bainistíocht Foilseán agus Maioin (PEMS)<br>*Roll Amach Náisiúnta* | ✓ | | | | Coimisinéir Cúnta Coireacht & Slándáil agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin TFC |
| 5 | PULSE<br>*Scaoil amach 4.6 Athruithe Teorainne*<br>*Scaoil amach 5 Clárleabhar na nDaoine ar Iarraidh agus na gCiontóirí Gnéis* | ✓ | ✓ | | | Coimisinéir Cúnta Coireacht agus Slándáil agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin TFC |
| 6 | Roll amach Ríomhphost an Gharda | | | ✓ | ✓ | Stiúrthóir Feidhmiúcháin TFC |
| 7 | Láithreán Gréasáin an Gharda<br>*Athsheoladh* | ✓ | | | | Stiúrthóir Cumarsáide agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin TFC |
| 8 | Córas Digiteach Raidió Náisiúnta (NDRS)<br>*Roll Amach RCBÁC*<br>*Roll amach Réigiún an Iarthair* | | ✓<br>✓ | ✓<br>✓ | ✓<br>✓ | Stiúrthóir Feidhmiúcháin TFC |
| 9 | Foinsiú allamuigh Ceamaraí Luais | | | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta Trácht |
| | **Bainistíocht Daonacmhainní** | | | | | |
| 10 | Athbhreithniú ar Shibhialtú | ✓ | | | | Coimisinéir Cúnta Bainistíocht Daonacmhainní |

# TIONSCADAIL EAGRAÍOCHTÚLA

| | | Spriocthréimhse Ama | | | | Úinéir |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Q1 | Q2 | Q3 | Q4 | |
| 11 | An t-uasmhéid post sa Gharda a bheadh oiriúnach do shibhialtaigh a aithint | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta<br>Bainistíocht Daonacmhainní |
| 12 | 400 Oiliúnaí Garda a earcú | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta<br>Bainistíocht Daonacmhainní |
| 13 | 270 Garda Cúltaca a earcú | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta<br>Bainistíocht Daonacmhainní |
| 14 | Samhail Leithdháilte an Gharda a athbhreithniú | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta<br>Bainistíocht Daonacmhainní |
| | **Cóiríocht** | | | | | |
| 15 | Riachtanais Chóiríochta Straitéiseacha<br>*Tuairisc tugtha chun críche* | | ✓ | | | Stiúrthóir Airgeadais |
| | **Córais iompair** | | | | | |
| 16 | Foinsiú allamuigh de Chothabháil Fhlít an Gharda<br>*Measúnú na dtairiscintí*<br>*Soláthraí seirbhíse amuigh a fhostú* | ✓ | ✓ | ✓ | | Stiúrthóir Airgeadais |
| 17 | Staidéar ar Phróifíl agus ar Optamú Fhlít an Gharda<br>*Plean Feidhmiúcháin a cheapadh*<br>*Cur chun feidhme an phlean aontaithe faoi réir fhormheas an Choimisinéara* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Stiúrthóir Airgeadais |
| | **Eile** | | | | | |
| 18 | Samhail Fáis Ghnóthachtála<br>*Cuir Treoirscéim i bhfeidhm* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis & Oiliúint |
| 19 | Imscrúdú ar Choireacht Ríomhaire<br>*Tús a chur le sainoiliúint chun cur le cumas sna réigiúin* | | ✓ | | | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis & Oiliúint |
| 20 | Athbhreithniú Oiliúna<br>*An tAthbhreithniú Oiliúna a chríochnú agus a fhoilsiú* | ✓ | | | | Leas-Choimisinéir<br>Straitéis & Bainistiú ar Athrú |